

Ceacht Tógála le Ranganna Naíonán go dtí 2

‘Bac-Chúrsaí’

Gemma Mc Girr

Snáth Curaclaim:	Tógáil (Curaclam Amharcealaíona lgh. 22, 38)
Cuspóir:	<i>Fiosraigh agus déan trialacha le hairíonna agus saintréithe na n-ábhar agus struchtúir á ndéanamh (lgh. 22,38)</i>
Nasc:	<p>Péint agus Dath > Úsáid dath chun mothúcháin, eispeiris agus nithe samhlaíthe a chur in iúl go soiléir (lch. 19)</p> <p><i>Déan dath a fhiosrú le réimse ábhar agus meán (lch. 32)</i></p> <p>Líníocht > Déan líne agus cruth a fhionnachtan agus a líniú mar a fheictear iad in ábhair nádúrtha agus saorga agus faigh amach conas a dhéanann línte cruthanna (lch. 18)</p> <p><i>Cruth a fhiosrú mar a fheictear é in ábhair nádúrtha agus shaorga agus cruth na scáileanna a theilgean ábhair a thabhairt faoi deara (lch. 30)</i></p> <p>Prionta > Bain triail as éifeachtaí is féidir a bhaint amach le déanamh simplí priontaí (lch. 20)</p> <p>Cré > Déan cruth as cré agus déan láimhseáil air leis na méara chun ábhar a chur in iúl (lch. 21)</p> <p>Fabraic agus Snáithín > Déan colláisi simplí (lch. 23)</p>
Féidearthachtaí Imeasctha:	<p><i>Eolaíocht: Breathnaigh, pléigh agus ainmnigh réimse plandaí agus ainmhithe i ngnáthóga éagsúla sa timpeallacht láithreach (lch. 24)</i></p> <p><i>Breathnaigh, aithnigh agus scrúdaigh réimse nithe beo i ngnáthóga agus i dtimpeallachtaí áitiúla (lch. 42)</i></p> <p><i>Teanga labhartha: Bain triail as focail thuairisciúla chun sonraí mionléirithe a chur leo (lch. 18)</i></p> <p><i>Bain triail as foclóir agus struchtúr abairte níos casta a úsáid chun brí a leathnú agus a fhiosrú (lch. 27)</i></p> <p>Corpoideachas: <i>Déan bunghluaiseachtaí ar nós rith, stopadh, léimt, rolladh, dreapadh, aistriú meachain, cothromú, luascadh, lúbadh agus casadh a fhorbairt trí úsáid a bhaint as codanna éagsúla den cholainn agus spás á fhiosrú (lch. 20)</i></p> <p><i>Déan bunghluaiseachtaí ar nós cothromú, rolladh, casadh, lúbadh, síneadh, dreapadh agus aistriú meachain a fhorbairt trí úsáid a bhaint as codanna éagsúla den cholainn agus spás á fhiosrú (lch. 30)</i></p> <p>Matamaitic: <i>Déan foclóir na ngaolmhaireachtaí spásúla a fhiosrú, a phlé, a fhorbairt agus a úsáid (lgh. 28, 48)</i></p>

An Ghníomhaíocht seo a Fhorbairt sa Rang:

Sula dtosaím rang ealaíne sílim gur mór an chabhair í cleachtadh beag a dhéanamh leis na leanaí chun a gcuid samhlaíochta a scaoileadh saor agus chun timpeallacht shábháilte a chruthú sa seomra ranga dóibh ar mhaithe lena saothar a thaispeáint agus a phlé gan eagla ná náire. Is í samhlaíocht an duine a thóg as na pluaiseanna agus chun na gealaí sinn! Is féidir le rud ar bith tarlú inár samhlaíocht má ligimid dó! “Dún do shúile agus samhlaigh doras mór. Tig le dath ar bith is mian leat a bheith air. Scríofa i litreacha móra ar an doras tá an focal SAMHLAÍOCHT. Síin amach do lámh agus oscail an doras go mall, scaoil amach do shamhlaíocht! Oscail do shúile agus lig dom an loinnir a fheiceáil iontu! Is féidir linn ár rogha rud a dhéanamh anois, tá ár samhlaíocht ag obair agus is duine ar leith gach duine dínn!”

Ábhair Riachtanacha: Bréagáin tógála, m.sh. Lego, bloic adhmaid, mobilo, brící ‘stickle’...

Spreagadh:

Seirindip

Níl Seirindip an seilmide
in ann gluaiseacht go mear
Tá mé ag fanacht uirthi leis na cianta
Seo chugainn í faoi dheireadh,
Ag spaisteoireacht go mall ar a boilgín
síos casán an ghéirdín.
Bhain mise triail as uair amháin
Agus dúradh liom folcadh a ghlacadh.
Wendy Cope

“An bhfaca sibh riamh seilmidhe ag gluaiseacht ar an talamh? Conas a bhogann sé? Má bhíonn rud éigin sa bhealach air conas a théann sé thairis? Déan cur síos ar an gcaoi a ndéanann an seilmidhe é seo. An ndearna tusa riamh iarracht dul thar bhac? An raibh tú riamh i rás bacanna? Déan cur síos air. Anois, samhlaigh rás bacanna do sheilmidí! An féidir leat bac-chúrsa casta a dhéanamh dóibh? Cuimhnigh air go gcaithfidh an seilmidhe sliogán a iompar freisin!”

Gníomhaíocht:

Úsáideann na leanaí na bréagáin tógála chun bac-chúrsa a thógáil. Is deis fhoirfe í seo do na leanaí chun comhoibriú le chéile agus obair i ngrúpaí. Spreag na leanaí chun tuairisc a thabhairt faoin gcúrsa agus a mhíniú cad atá le déanamh ag gach seilmidhe chun an rás a chríochnú. Spreagfaidh sé seo focail ar nós os cionn, faoi, timpeall, idir, ar feadh, taobh le, suas, síos, luascadh, dreapadh, síneadh, srl. uathu. Tugann úsáid na mbréagán tógála neart scóip dóibh chun athrú a dhéanamh agus spreagann meascán bréagán iad chun an-úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht!

Measúnú/Ag Amharc agus ag Freagairt:

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Spreag iad chun caint faoina smaointe, faoi aon deacrachtaí a bheadh ag na seilmidí leis an gcúrsa dar leo agus conas ar tháinig siad ar a gcuid smaointe. Nuair a bhíonn siad réidh, tabhair am do gach grúpa chun tuairisc a thabhairt faoina bhfuil déanta acu agus ceisteanna a chur ar a chéile.

Gníomhaíochtaí Breise:

Is féidir leis na leanaí bac-chúrsaí a dhéanamh do dhaoine trí úsáid a bhaint as na bréagáin tógála. Féadfaidh leanaí níos sine cárta, páipéar, nithe faighte agus gliú a úsáid chun na bac-chúrsaí seo a dhéanamh, agus beidh an-spraoi acu á ndéanamh.

Déan prionta de rian seile Seirindip le mirlíní/liathróidí gailf, péint bhán nó airgid ar pháipéar dubh.

Línigh sliogán Seirindip.

Seoil Seirindip ar saoire agus péinteáil a teach i do rogha dathanna nó i ndathanna a thaitneodh léi dar leat.

Tarraing cruth Seirindip as liathróid cré.

Déan colláis den bhia is fearr le Seirindip le blúirí fabraice de dhoimhneachtaí difriúla de ghlas agus de réimse d’uigeachtaí agus de phatrúin dhifriúla.

Féidearthachtaí TCF:

Déan grianghraif de shaothar na leanaí sula mbaintear as a chéile é agus scanáil isteach sa ríomhaire iad. Beidh taifead ag na leanaí (agus agat féin) anois dá dtógálacha iontacha.

Ag baint úsáide as an DVD**Is Ealaíontóir mé:**

Tugann na cláir *Tógáil* ar an DVD deiseanna chun leanaí a fheiceáil ag déanamh tógálacha le bréagáin éagsúla tógála.

Nóta:

Tá an ceacht seo úsáidte agam le gach rang sa scoil agus baineann na leanaí an-taitneamh ar fad as. Úsáideann leanaí níos sine - ranganna 3 go dtí 6 - rogha de chárta, páipéar, lasáin, ábhair dhramhaíle, cipíní, fabraicí srl chun na cúrsaí a dhéanamh. Bhailigh grúpa amháin leanaí seilmidí ansin agus bhí rás acu sa seomra ranga! Thug na seilmidí faoi le fonn agus bhí bua soiléir ag ceann acu!

Ealaíontóirí Ábhartha:**Suíomhanna Idirlín Ábhartha:**

Is tairseach é Scoilnet chuig suíomhanna atá úsáideach sa seomra ranga <http://www.scoilnet.ie>